“Isé an príomhchúram a bheidh ar Riaghaltas an tSaorstáit ná gleusa soláthar chun leas corpordha, leas spioradálta agus leas inntleachta na leanbhaí do chur i n-áirithe dhóibh”.

Mar phoblachtánaigh, táimid tiomanta an Phoblacht sin a chruthú agus na gléasa a sholáthar do riachtanais uile ár leanaí. Tá rannpháirtíocht sa spóirt agus sa chultúir lárnach do dea-bhail ár n-aos óg agus ár sochaí.

Tuigeann Sinn Féin go maith cumhacht an spóirt pobail a aontú fud fad ár n-oileán. Tá sé níos éasca athaontú na tíre a bhaint amach mar sprioc nuair atá muid go léir ag tacú leis an bhfoireann céanna.

Agus muid ag ceiliúradh an foireann Éireannach is mó rath i stair na Cluichí Oilimpeacha agus ag thabhairt ugaigh dár bParailimpeachaigh i bPáras, tapaíonn muid an deis aisling mór Oilimpeach dár gcuid féin a chruthú faoi conas ár bpáistí a chur agus a choimeád ag gníomhú. Cuspóir simplí atá againn: gach leanbh a chumhachtú a gcroí a chur ina gcuid paisean féin agus a scileanna a fhorbairt.

Agus an damhsa mar chuid de Cluichí Oilimpeacha na bliana seo don chéad uair, cuirtear i gcuimhne muid gurb iad na healaíona a spreagann an paisean i gcás a lán daoine óga, agus go raibh na healaíona ag croílár na gluaiseachta Oilimpeacha ó na céad Cluichí in 1896, áit a bhain an náisiúntóir John Pius Boland ár gcéad bonn ór amach agus a lorg sé cláirseach ór ar chúlra uaine in áit bratach an Aontais. Nuair a ghlac an chéad fhoireann Éireannach páirt sna Cluichí céad bliain ó shin i 1924, is in ealaín a baineadh a chéad bonn amach, le bonn airgid Jack B. Yeats dá phictiúir de Snámh na Life.

Ar nós pictiúir Yeats, táimid ag nascadh ealaíon agus spórt sa pholasaí seo. Ar nós na Sean-Ghréigigh, tá stair na mílte bliain againn in Éirinn ag déanamh ceiliúradh ar ghaiscí an duine sna spóirt agus sa chultúr ó tharla ár gcluichí féin i dTailteann. Ar nós an ghluaiseacht Oilimpeach, tá Sinn Féin fréamhaithe in athbheochan cultúrtha ag deireadh na 1800idí a spreag an chrann taca mór eile i dtraidisiún an spóirt amaitéarach, Cumann Lúthchleas Gael.

Tá teipithe ag rialtas i ndiaidh rialtas ón neamhspleáchas ar aghaidh an phríomhchúram a leag an Chéad Dáil síos dóibh a chur i gcrích. I gcás clár suaitheanta na Scoileanna Ildánacha, a bhí in ainm is a bheith ag tacú le cumas cruthaitheach gach leanbh, níl dhéantar freastal ach ar mhionlach beag scoileanna. Go minic, bíonn ár gclubanna níos lú spóirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le clubanna níos rachmasaí móra agus fréamhaithe maidir le bonneagair agus trealamh. Bheadh cur chuige difriúil ag Sinn Féin, lán d'uailmhian, fíis agus cothrom na Féinne.

Is moladh simplí atá sa doiciméid seo: Gníomhchárta a chur ar fáil do gach leanbh ar luach €130 le n-úsáid chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt nó cultúir, agus iad a chumhachtadh agus a chumasú bheith gníomhach sa mbealach ar mian leo agus faoiseamh a thabhairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh ag streachailt leis an gcostas maireachtála.

Tuigeann muid go maith nach sáróidh an coincheap seo na bacanna go léir, agus caithfidh sé a bheith mar chuid de chur chuige iomlánaíoch uile-rialtais chun cur leis an infheistiú agus pleanáil don spórt agus don chultúr. Creideann muid, áfach, go bhféadfadh leis an mhír seo mearaí athrú suntasach a dhéanamh chun páirc imeartha níos cothroime a thógáil do laochra spóirt agus cultúir an todhchaí.

Chris Andrews TD agus Aengus Ó Snodaigh TD



Réamhrá

Tá Éire ag éirí níos deacra de réir a chéile mar thimpeallacht do dhaoine óga fás aníos ann. Tá an brú ag géarú ar sholáthróirí agus ar thuismitheoirí araon gníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha a chur ar fáil do dhaoine óga agus an costas maireachtála ag dul in airde, agus éagothroime ag fás sa tsochaí dá réir.

Sa doiciméad seo pléimid an ról is féidir le spóirt agus na healaíona a imirt i gcruthú Éire Úr.

Éire Úr ina mbeidh deis ag ár leanaí eispéireas a fháil ar iomláine ár n-oidhreacht cultúrtha agus spóirt, agus deiseanna a chuirfidh le gníomhaíochtaí nua spóirt agus cultúrtha atá ag teacht chun cinn in Éirinn a mhúnlú.

Níor cheart go mbeadh constaicí agus srianta ar pháistí in Éirinn agus iad ag iarraidh deiseanna seach-churaclaim a thapú.

Creideann Sinn Féin go rachaidh sé chun sochair don tsochaí tuilleadh deiseanna seach-churaclaim a fhorbairt agus go mbainfear tairbhe as an infheistíocht seo sa mheántréimhse.

Is príomhghnéithe iad rannpháirtíocht i spóirt agus sna healaíona chun daonra níos folláine a fhorbairt agus chun pobail láidre a chothú. Is tír spórtúil í Éire le fada an lá agus saibhreas ealaíne agus cultúir aici ach léiríonn figiúirí Eurostat ó 2022 go raibh an cóimheas OTI ba mheasa ag na 26 Chontae dírithe ar 'seirbhísí fóillíochta agus spóirt' i ngach ballstát den AE agus CSTE, ag 0.1% amháin, i gcomparáid le .4% den OTI ar fud an AE1.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht i spóirt ó aois óg, ó thaobh eacnamaíoch amháin de, déantar coigilteas níos mó i gcúram sláinte san fhadtéarma. Tá ról cruthaithe aige freisin i gcláir idirghabhála a chuireann le comhtháthú sóisialta. Aithnímid an nasc idir infheistíocht sa spóirt agus laghdú ar bhochtaineacht pháistí agus creidimid gur féidir leis ról tábhachtach a bheith aige freisin maidir le coireacht agus iompar frithshóisialta a laghdú. Féadfaidh ról dearfach a bheith aige freisin i gcásanna iar-choimhlinte.

Soláthraíonn na healaíona bealach freisin do pháistí agus do dhaoine óga chun iad féin a chur in iúl agus teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe sa phobal lasmuigh den scoil. Ní féidir an iomarca béime a chur ar na buntáistí fadsaioil a bhaineann le gach foirm ealaíne. Is féidir le scileanna urlabhra agus teanga, a dhéantar a fhorbairt sa drámaíocht, san amharclannaíocht agus sna taibh-ealaíona ag aois óg, deiseanna fostaíochta a chruthú i réimse leathan earnálacha amach anseo chomh maith le muinín agus féinmheas a mhéadú. Bíonn oiliúint rince san iomaíocht le spóirt maidir le freastal ar riachtanais aclaíochta ár ndaoine óga, chomh maith le cruthaitheacht, smacht agus obair foirne a spreagadh. Tá ról lárnach ag an gceol, ag an litríocht agus ag na hamharcealaíona i sochaí agus i ngeilleagar na hÉireann, gan trácht ar na tairbhí cognaíocha agus foirmithe gan amhras gur féidir leo a chothú.

Sa doiciméad beartais seo taispeánfaimid an dóigh a bhfuil infheistíocht agus rannpháirtíocht mhéadaithe i spóirt agus sna healaíona mar bhunús agus mar thaca ag ceann de na samhlacha coiscithe príomhúla is éifeachtaí atá i bhfeidhm faoi láthair, Samhail um Chosc na hÍoslainne (IPM), ar a dtugtar Planet Youth freisin. Oibríonn samhlacha coiscithe príomhúla trí fhadhbanna a chosc sula dtagann siad chun cinn agus baineadh úsáid astu chun daoine óga a atreorú ó mhí-úsáid alcóil agus drugaí, agus iompraíochtaí riosca eile, trína gcaidrimh, a stíl mhaireachtála, a dtimpeallacht agus a bhfolláine a fheabhsú.

1 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/gov_10a_exp__custom_12157577/default/bar?lang=en





Buntáistí na nGníomhaíochtaí Spóirt agus Cultúr

► Forbairt Pobail agus Comhthathú Sóisialta

Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí cultúir agus spóirt i bhforbairt pobail agus ag cur le comhthathú sóisialta, le tionchar acu atá le braith i bhfad ón bpáirc imeartha, ón stáitse, nó ón gclub áitiúil. Go minic, bíonn na buntáistí breise agus nach bhfeictear go minic i measc na gcinn is mó a théann i gcion orainn.

De réir taighde de chuid an Irish Sport Monitor (ISM), léiríodh go ndéanann duine fásta as gach deichniúir ar a mheán obair dheonach le clubanna spóirt áitiúil².

Nochtaíodh i dtaighde eile de chuid an ISM go bhfuil 34% de dhaoine fásta ina mbaill de chlub spóirt³.

Dúirt 35% den breis is 1,100 duine a ghlac páirt i Suirbhé Ealaíon Shinn Féin, déanta sa bhliain 2024, go bhfuil siad páirteach i ngrúpa ealaíon, agus dúirt formhór suntasach a ghlac páirt go nglacann siad páirt sna healaíona ar mhaithe le sult a bhaint astu⁴.

Tá na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim faoi mhaoirseacht sonraithe go mór ag a leithéidí ESRI agus ISM. I measc na buntáistí, tá feabhsaithe meabhairshláinte agus sláinte coirp, comhthathú sóisialta níos láidre, agus, do dhaltaí ar a mheán, torthaí níos fearr a fháil san Ardteist.

Is fairsing freisin iad na drochimpleachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí spóirt agus cultúr seach-churaclaim faoi mhaoirseacht a chaitheamh san aer, ó tuilleadh mí-úsáid substaintí agus gráid scoile níos measa go dtí leathnú ar an mbearna socheacnamaíoch.

Tá sé sonraithe ag taighde de chuid an ESRI gur mó an cosúlacht go gcaithfeadh iad siúd nach bhfuil chomh rachmasach an spóirt in aer, agus cé go bhfuil an cosúlacht céanna ann go dtabharfadh páistí bunscóile ó chúlraí

2 https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2024-05/ISM%202023%20Annual%20Report_0.pdf

3 https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2024-05/ISM%202023%20Annual%20Report_0.pdf

4 https://mcusercontent.com/ffc5ff2fa2294c89d2ff7598e/files/08b20515-bd07-ac83-5cee-f5d24a0ae930/SF_Arts_Survey_results_2024.pdf



socheacnamaíocha níos ísle faoi gníomhaíochtaí seach-churaclaim, is lú seans go nglacfaid siad páirt sa spórt lasmuigh de chomhthéacs na scoile i gcomparáid leo siúd ó theaghlaigh meánaicmeacha.⁵⁶

Léirítear i taighde de chuid Spóirt Éireann an tionchar atá ag aicmí sóisialta ar an rannpháirtíocht spóirt, le bearna socheacnamaíochta de 19 fán gcéad sa rannpháirtíocht spóirt⁷.

Tá na toscairí céanna i gceist maidir leis na healaíona. Feictear dúinn ó léargas a d'ullmhaigh an tOllamh Emer Smyth don Chomhairle Ealaíon, bunaithe ar staidéar Growing Up in Ireland de chuid an ESRI, go bhfuil i bhfad níos mó seans ann go nglacfaid páistí ó theaghlaigh meánaicmeacha páirt i ngníomhaíochtaí cultúir struchtúrtha lasmuigh den scoil ná páistí ó theaghlaigh an lucht oibre nó gan fostaíocht.⁸

► Géarchéim an Chostais Maireachtála agus a Thionchar ar Gníomhaíochtaí

Leanann géarchéim as cuimse an chostais maireachtála ag goill ar ghnáthshaol laethúil na n-oibríthe agus na dteaghlach.

Léirítear i níos mó agus níos mó tuarascálacha idirnáisiúnta an impleacht garbh atá ag géarchéim an chostais maireachtála ar an mbaint atá ag páistí le gníomhaíochtaí seach-churaclaim.

Léiríodh sa Good Childhood Report 2022 go bhfuil 27% de thuismitheoirí tar éis a bheith ag streachailt le costais maidir le feisteas corpoideachais nó spóirt i rith na bliana seo caite.

Tar éis comhairliúcháin a dhéanamh le os cionn 1,000 thuismitheoirí de pháistí a bhíonn ag imirt le clubanna áitiúla, d'aithin tuarascáil The Price to Play de chuid Utilita nár fhíll 10% d'imirtheoirí ar an bpáirc imeartha, agus 31% de thuismitheoirí ag rá nárbh acmhainn dóibh na táillí shíntiúis a íoc agus 27% nárbh acmhainn dóibh rudaí eile ar nós feisteas nó treallamh a cheannach.

Léirigh tuarascáil Cost of Living 2024 de chuid Barnardos go raibh ar 20% de na leanaí acu siúd a ghlac páirt i suirbhé gan páirt a ghlacadh, nó laghdú a dhéanamh ar a bpáirt, i ngrúpa/club spóirt áitiúil mar thoradh ar arduithe sa chostas maireachtála.⁹

D'aimsigh Suirbhé Ealaíon Shinn Féin freisin go raibh airgead ina bhac roimh 83% dul i mbun cruthaíocht, taibhsíú, agus sult a bhaint as ealaín.

Léirítear sna tuarascálacha seo gurb í an inacmhainneacht ceann de na príomhbhaic ag cur stop le páistí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim.

► Gníomhaíocht Gheilleagrach

Bíonn ról ríthábhachtach ag an spórt go bliantúil i saol eacnamaíochta na hÉireann, trí fostaíocht a sholáthar do 64,000 duine fud fad an gheilleagair.

Tá caiteachas ag teaghlaigh na hÉireann ar an spórt ag méadú de réir a chéile. B'ionann caiteachas tomhaltóra a bhaineann le spórt agus luach €3.3 billiúin sa bhliain 2018. Le tuairim is 400,000 daoine fásta as gach chearn den Stát ag obair go deonach go rialta le clubanna spóirt, b'ionann luach eacnamaíoch an obair dheonach don spórt sa bhliain 2018 agus ti mpeall €1.5 billiúin per annum.¹⁰

Tá a fhios againn ó measúnú Indecon sa bhliain 2011 ar thionchar eacnamaíochta na nEalaíon in Éirinn, gurb é an tionchar comhiomlán ar chaiteachais dhíreacha de chuid eagraíochtaí maoinithe ag an gComhairle Ealaíon, agus an tionchar indíreach agus ionduchtaithe (iolraitheoir) timpeall €195 milliúin sa bhliain 2010, tráth is nach raibh ach maoiniú de luach €60.3 milliúin curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon chuig eagraíochtaí agus daoine aonaracha¹¹. Tá os cionn dá oiread an maoiniú sin ag an gComhairle Ealaíon anois, rud a chiallaíonn go

5 <https://www.esri.ie/system/files/media/file-uploads/2015-07/RS33.pdf>

6 <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-11/fair-play-sport-and-social-disadvantage-in-ireland-2007-report.pdf>

7 https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2024-05/ISM%202023%20Annual%20Report_0.pdf

8 <https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts-and-cultural-participation-GUI.pdf>

9 <https://www.barnardos.ie/barnardos-cost-of-living-report-2024/>

10 <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2021-09/vos-report-final-19-07-21.pdf>

11 https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Indecon_Update_Report_fin.pdf



mbeadh impleachtaí méadaithe go suntasach don gheilleagar in earnáil atá, dar leis an bhFeachtas Náisiúnta ar son na hEalaíona, ag fostú 55,000 duine trasna na tíre¹².

► Tionchar ar an Oideachas

D'aithin taighde de chuid tuarascáil an ESRI “Keeping them in the Game” nasc dearfach idir spóirt a imirt agus torthaí Ardteistiméarachta i measc sampla de 1,200 daltaí.

Léirigh an taighde seo gur éirigh le páistí a choinnigh orthu i spóirt le linn don bhliain Ardteiste gráid níos fearr ná an mheán a fháil ná iad siúd a chaith spóirt san aer agus na scrúduithe ag druidim leo.

Sa chaoi céanna, léirigh taighde coimisiúnaithe ag an gComhairle Ealaíon ar rannpháirtíocht ealaíon agus cultúir i measc daoine ag aois a 17 sa bhliain 2020, bunaithe ar shonraí i staidéar Growing Up in Ireland de chuid an ESRI, go raibh “baint ag páirt a ghlacadh i ranganna nó glubanna ceol, damhsa, le gráid níos airde sa Teastas Shóisearach”. Is cosúil gur thacaigh an méid a d’aimsigh an tOllamh Emer Smyth le taighde eile a mholann “caidreamh idir bheith ag éirí go maith leat sa cheol ag an Ardteist agus san ardoideachas, agus rochtain an duine óg ar an dteagasc ar uirlis ceoil lasmuigh den scoil, atá íoctha den chuid is mó.”¹³

Tharraing taighde déanta ag Ollscoil Sheffield Hallam¹⁴ aird ar an gcaoi ina raibh rannpháirtíocht sa spóirt níos airde i measc céimithe agus gur bhain frontair tairbhe as an mbarraíocht comhoibriú fóirne, scileanna cumarsáide, spreagadh, iomaíochas agus solúbthacht a léirigh iad siúd a bhí ag glacadh páirt i ngníomhaíocht spóirt.

► Sláinte agus Folláine

Dar le Straitéis Náisiúnta Spóirt 2018-2027 de chuid an Rialtais, meastar go ngearrann an neamhghníomhaíocht físiúil costas thart ar €1.5 billiúin in aghaidh na bliana ar bhuiséad slainte an Stáit.¹⁵

Tá sé léirithe i The Social Return and Investment Report a rinne an FAI agus UEFA go ndéantar coigilteas €1.4 billiúin sa chúram sláinte mar thoradh ar an rannpháirtíocht sa sacar amháin. Bhain tuarascáil na n-údar úsáid as mhúnla an ‘Toraidh Sóisialta ar Infheistíocht’ atá molta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, na Naisiúin Aontaithe agus



- Urlabhraí Spóirt Shinn Féin, Chris Andrews TD, ag bualadh le Cathaoirleach Droichead Átha Aontaithe, Joanna Byrne.

12 <https://www.rte.ie/culture/2021/0929/1248781-irelands-arts-sector-a-new-journey-into-a-better-future/#:~:text=It%20took%20the%20global%20pandemic,arts%20workers%20and%20arts%20organisations>

13 https://www.esri.ie/system/files/publications/RS103_0.pdf

14 Sheffield Hallam University SIRC “The Impact of Engagement in Sport on Graduate Employability” June 2013

15 <https://assets.gov.ie/15979/04e0f52cee5f47ee9c01003cf559e98d.pdf>





- **Cumann Imreoirí Gael á n-óstáil i dTeach Laighean i gcomhair comhrá painéil faoina gcuid oibre ar son coinníollacha cothrom a bhaint amach do imreoirí baineann agus fireann.**

beaga go dtí seo. Glactar leis go bhfuil os cionn 300,000 páistí otrach anois, agus meastar go gcuirtear 10,000 breise leis an bhfigiúr seo go bliantúil de réir taighde déanta ag an Roinn Sláinte.

Bíonn tionchar ag rannpháirtíocht sa spórt agus sa chultúr ar an meabharshláinte chomh maith, mar is léir ó taighde bunaithe ar staidéar Growing Up in Ireland de chuid an ESRI, a thaispeánann go mbíonn “leibhéil sástachta saol níos airde áit a dhéanann daoine óga ceol go minic nó ina bhfuil siad páirteach i gclubanna nó ranganna ceol/damhsa”¹⁸ agus gurb iad na leanaí sin atá níos gníomhaí go físiúil is lú atá i mbaol airí dúlagrach a bheith orthu sa luath-aosacht.¹⁹

► **Úsáid Substaintí i Measc Déagóirí na hÉireann**

Is féidir linn tuiscint a fháil ar úsáid reatha substaintí i measc daltaí idir 15 agus 16 mbliana d’aois ó shonraí foilsithe ag tuarascáil Thogra Scoile na hEorpa um Alcól agus Drugaí Eile (ESPAD)²⁰.

Díríonn tuarascáil ESPAD Éireann isteach ar threoracha maidir le húsáid alcóil agus drugaí, chaitheamh tabac, chearrbhachas, cluichíocht, agus úsáid idirlín.

Seo a leanas na príomhthorthaí a bhí i dTuarascáil Éireann ESPAD 2019:

- **CAITHEAMH TABAC:** As na freagróirí, 32% a bhain triail as caitheamh tabac agus 14% a chaith tabac go reatha (a thuiriscigh gur chaith siad laisti gh den 30 lá roimhe sin), le 5% ag caitheamh go laethúil.
- **ALCÓL:** 41% dóibh siúd 15-16 mbliana d’aois a ghlac páirt sa suirbhé a deir go rabhaidis ar meisce sa 12 mí roimhe sin agus 16% a deir go raibh siad ar meisce laistigh den 30 lá roimhe
- **ÚSÁID DRUGAÍ:** Cannabas a tuairiscíodh mar an druga ba mhó a úsáidtear le 19.1% dóibh siúd a d’fhreagair tar éis cannabis a thriail. Tar éis don channabas, ionanálaithe ab iad an substaint ba mhó in úsáid go comónta (10%), le daltaí freisin ag rá gur bhain siad úsáid as pianmhúcháin (5%), alcól le pillí (4%), cócaon (3%) agus eacstais (3%)

Tá an ráta ard seo d’úsáid substaintí i measc déagóirí na hÉireann tugtha faoi deara ag a lán tráchtairí agus, anuas ar na himpleachtaí fadtéarma sláinte a bhaineann leis an iompair seo, tá an tí onchar díreach soiléir le feiceáil dóibh siúd a bhíonn ag obair i roil pobail agus sóisialta.

16 <https://www.fai.ie/domestic/news/uefa-sroi-study-confirms-%E2%82%AC18bn-impact>

17 <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2023-08/CSPPA%202022%20Full%20Report.pdf>

18 https://www.esri.ie/system/files/publications/RS103_0.pdf

19 <https://academic.oup.com/eurpub/article/33/5/878/7250232?login=true>

20 <https://www.drugsandalcohol.ie/33347/1/ESPAD%202019%20Ireland.pdf>



Is éard atá i gceist le Domhain na nÓg (Planet Youth) ná macasamhail coiscthe príomhúil idirnáisiúnta bunaithe ar thaighde atá Forbartha ag Lárionad na hÍoslainne um Thaighde agus Anailís Sóisialta (ICSRA).

Forbaíodh múnla Planet Youth mar chuid d'iarracht náisiúnta na hÍoslainne úsáid substaintí a ísliú i measc daoine óga. Baineann an samhail úsáid as cur chuige don daonra ar fad agus ligeann sé don deis aschur sláinte agus saoil a fheabhsú do dhaoine óga in a lán bealaí.

Braitheann an samhail ar shonraí bailithe i suirbhé débhlíantúil treasghearrthach a ritear de réir an ceistneoir Planet Youth. Tagann gach duine atá 15-16 mbliana d'aois faoi scáth an cheisnteora chuimsitheach slí maireachtála seo a dhéanann scrúdú ar an saol sa bhaile, úsáid substaintí, sláinte fi siciúil, meabharshláinte, gníomhaíocht fi siciúil, caitheamh aimsire seach-churaclaim, taithí scoile, úsáid idirlín, bullaíocht agus a lán catagóirí eile.

Úsáidtear sonraí Planet Youth chun idirghabháil coiscthe a fhorbairt a dhéanfaidh níos fearr an ti mpeallacht sóisialta do pháistí níos óige sa phobal, agus freisin cuhn monatóireacht a dhéanamh ar aon dul chun cinn lena mbaineann. Baintear leas as idirghabháil sna ceithre réimsí sonraithe i samhail Planet Youth; tuismitheoirí agus teaghlach, am fóillíochta, piarghrúpa, agus scoil.

Tá feidhm leis an gcéad samhail Planet Youth in Éirinn i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin ó 2018. Is féidir teacht ar roinnt aschuir ón dtogra sin ar a shuíomh idirlín ag www.planetyouth.ie. Cuireadh tús le suíomhanna éagsúla Planet Youth i gCábhán Muineachán agus i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2021.

► Roinnt de na PríomhThorthaí ó Thaighde Planet Youth

MAIGH EO:

- 44% dóibh siúd a bhí 15-16 mbliana d'aois a thuiriscigh go raibh siad ar meisce ar a laghad uair amháin sa bhliain díreach imithe.
- 16% a bhain triáil as cannabis. 19% a thuiriscigh go raibh siad ar meisce laisti gh den mhí roimhe.
- 53% de dhéagóirí a chaith 3 uair a chloig nó níos mó ar na meáin shóisialta.
- 57% dóibh siúd a bhí 15-16 mbliana d'aois nach raibh ag fáil an méid codladh agus atá molta.
- 43% de bhuachaillí agus 52% de chailíní nach nglacann páirt i spóirt lasmuigh den scoil le club nó foireann.

GAILLIMH:

- 41% dóibh siúd a bhí 15-16 mbliana d'aois a thuiriscigh go raibh siad ar meisce ar a laghad uair amháin sa bhliain díreach imithe.
- 18% a bhain triáil as cannabis.
- 20% a thuiriscigh go raibh siad ar meisce laisti gh den mhí roimhe.
- 47% de dhéagóirí a chaith 3 uair a chloig nó níos mó ar na meáin shóisialta.
- 59% dóibh siúd a bhí 15-16 mbliana d'aois nach raibh ag fáil an méid codladh agus atá molta.
- 37% de bhuachaillí agus 47% de chailíní nach nglacann páirt i spóirt lasmuigh den scoil le club nó foireann.

ROS COMÁIN:

- 43% dóibh siúd a bhí 15-16 mbliana d'aois a thuiriscigh go raibh siad ar meisce ar a laghad uair amháin sa bhliain díreach imithe.
- 15% a bhain triáil as cannabis.
- 19% a thuiriscigh go raibh siad ar meisce laisti gh den mhí roimhe.
- 57% de dhéagóirí a chaith 3 uair a chloig nó níos mó ar na meáin shóisialta.
- 62% dóibh siúd a bhí 15-16 mbliana d'aois nach raibh ag fáil an méid codladh agus atá molta.
- 32% a thuiriscigh féin dochar uair amháin nó níos mó
- 45% de bhuachaillí agus 56% de chailíní nach nglacann páirt i spóirt lasmuigh den scoil le club nó foireann.

Bhí 6 oiread níos mó seans ann gur úsáid déagóirí cannabis más rud é gur thuiriscítear gur ag crochadh thart ar an sráid a bhítear



Múnla na hÍoslainne (Frístundakortið)

Ó na 1990idí go dtí tús na 2000idí, bhí géarchéim faoi lánsheol san Íoslann i measc daoine óga. Bhí cáil bainte amach ag déagóirí na hÍoslainne i measc na rátaí ab airde san Eoraip don úsáid alcóil, chaitheamh tabac agus drugaí eile.

Chun teacht ar athrú suntasach i leibhéil úsáide substaintí i measc iad siúd faoi haois, bhí athrú radacach polasaí ag teastáil ag baint leas as cur chuige córasach agus don daonra ar fad, seachas tograí díríthe amháin.


Trí thionscnaimh coiscthe príomhúla ar nós an cárta fóillíochta, agus infheistíocht a mhéadú i dtograí pobail agus óige, thar tréimhse ghearr d'éirigh leis an Íoslann íslíú as cuimse a dhéanamh ar ráta míúsáide substaintí i measc déagóirí.

Cuireadh tús le scéim an Frístundakortið, nó an chárta fóillíochta, sa bhliain 2007 nuair a thug Comhairle Cathrach Réicivic isteach é agus é mar aidhm acu cur go mór le ghníomhaíochtaí tar éis na scoile do pháistí sa chathair i dti mpeallacht rialaithe agus íslíú a dhéanamh ar líon na ndéagóir a bhí baint acu le ghníomhaíocht frith-shóisialta.

Thosaigh an scéim amach le luach €75 in aghaidh an pháiste idir aois a 6 agus a 18. Tar éis freagra dearfach a fháil ar an bpointe do scéim an chárta fóillíochta, ardaíodh an luach go €150 an bhliain ina dhiaidh, agus go dtí an €502 in aghaidh an pháiste atá mar luach reatha air.



Úsáid Substaintí I measc Íoslannaigh ar aois a 15-16



Bunaíodh bunachar sonraí lárnach don scéim agus cuireadh gach páiste idir 6 agus 18 mbliana d'aois leis go huathoibreach is cuma má bhain siad úsáid as an scéim nó munar bhain. D'ísligh sé seo na bacanna a bhféadfadh cur isteach ar pháistí ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle rochtain a fháil ar an scéim.



Cuireann an bunachar sonraí fiúntacha ar fáil freisin don rialtas áiti úil agus náisiúnta agus áiseanna spóirt agus cultúir á bpleanáil agus á bhforbairt acu.

Tá ardú tagtha go seasta ar líon na ngníomhaíochtaí atá á thairscint faoin scéim gach bliain agus tá rannpháirtíocht sa scéim an-ard bliain ar bhliain le 78% ar a mheán dóibh siúd idir 6 agus 18 mbliana d'aois ag glacadh páirt ann. 100% dóibh siúd idir 6 agus 12 a bhaineann leas as an scéim.

Ní mór d'eagraíochtaí agus soláthraí gníomhaíochta faoin scéim caighdeán cáilíochta a léiriú, agus tá praghsáil na ngníomhaíochtaí san áireamh anseo. Déantar é seo ar mhaitheas lena chinnti ú nach n-ardófar táillí mar thoradh ar an scéim.

Cuireann an scéim le hinfheistíocht breise sa phobal áitiúil tríd an maoiniú go léir a bheith in úsáid go háitiúil. San Íoslann, bhí sé seo ina cheann feadhna ar sheirbhísí fóillíochta óige a dhéanamh níos gairmiúla. Gné bunúsach den scéim ná bunú an tsuirbhéireacht leanúnach ar pháistí in aoisghrúpaí ar leith, ag baint leas as suirbhé Planet Youth, atá tar éis cúnamh a thabhairt i gcur i bhfeidhm agus torthaí na scéime a mheas ó thaobh tionchar folláine de.



- Teachtaí Dála Shinn Féin Aengus Ó Snodaigh agus Mark Ward ag cur fáilte roimh an High Five Boxing Academy, a sholáthraíonn oiliúnt inchiomsitheach dornálaíochta do leanaí le riachtanais breise, chun cur i láthair a thabhairt do chomhaltaí Dála agus Seanaid i mí Deireadh Fómhair 2022.



Gníomhchárta Éireannach don Spórt agus don Chultúr

Creideann Sinn Féin go bhféadfadh le múnla Éireannach de scéim cárta fóillíochta na hÍoslainne deathionchar as cuimse a bheith aige ar dhaoine óga ar fud an Stáit. D'fhéadfadh sé tús a chur leis na beartais ar gá leo chun seasamh na hÉireann go hidirnáisiúnta i ndomhain an spóirt, na n-ealaíon, agus an chultúir a chur chun cinn, ach níos tábhachtaí fós, d'fhéadfadh impleachtaí doimhne dearfacha a bheith aige ar chaighdeán maireachtála agus folláine ár bpáistí.

Beidh sé mar sprioc ag an scéim seo na tacaíochtaí agus

áiseanna a theastaíonn ó thuismitheoirí gach páiste ar aois scoile a chur ar fáil chun tacú leo suim a bpáistí a chur i spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim faoi mhaoriseacht. Leis an ngéarchéim costais maireachtála ag goill ar an méid sin teaghlaigh faoi láthair, cabhróidh an scéim seo leis na constaicí costais a íslíú nó fáil réidh leo agus ní hamháin rannpháirtíocht a chinntiú dóibh siúd atá ag streachailt le táillí a chlúdach, ach cur leis áit a raibh costais rannpháirtíochta nó treallaimh mar chúis nach raibh sé mar rogha ar an gcéad dul síos.

Toscaire cosantach atá ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rialta seach-churaclaim faoi mhaoriseacht d'iompair úsáide substaintí agus tá a lán buntáistí eile aige do dhaoine óga agus don sochaí mór.

Tá sé léirithe i dtaighde de chuid an ESRI go gcaitheann idir 15% agus 20% de pháistí gníomhaíochtaí aonaracha san aer toisc costais airgeadais an spóirt²¹, agus nach mbíonn baint fós ach ag leath dóibh siúd a bhí baint acu le gníomhaíochtaí structúrtha cultúir lasmuigh den scoil ag aois a 9 ag aois a 13²². Caithfidh muid tosú fáil réidh leis na constaicí costais seo.

Bheadh toradh suntasach ar an infheistíocht ag baint le scéim cárta fóillíochta Éireannach a bainistíodh i gceart trí sláinte fisiciúil, meabhairshláinte, agus aschur ginearálta saoil a fheabhsú do ghlúin iomlán de dhaoine óga. Cabhraíonn tús luath i réimse níos leithne gníomhaíochtaí agus caitheamh aimsire le nósanna agus uaimhianta a fhorbairt a leanfaidh leo fud fad a saoil.

► Gníomhchárta a Thionscnú

Gníomhchárta

Beidh sé mar sprioc ag an scéim seo na tacaíochtaí agus áiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí gach leanbh ar aois scoile chun cabhrú leo a leanaí a chur ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí maorsithe seach-churaclaim spóirt agus cultúr. I gcomhthéacs géarchéim an chostais maireachtála atá ag cur isteach ar a lán teaghlaigh faoi láthair, cabhróidh an scéim seo le bacanna costais a laghdú agus ní hamháin nach bhfuil rannpháirtíocht coimeáda i gcás daoine atá ag streachailt le táillí a íoch, agus go méadaítear é áit inar chinntigh costas rannpháirtíochta nó trealamh nach raibh sé mar rogha fiú.

Conas a dhéanfaimis seo

Molann muid reachtaíocht a thionscnú chun socrú a dhéanamh do Scéim an Gníomhchárta a chur ar bun.

Bheadh súil againn leis go sannfaí an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar cheannasaí ar an tionscadal seo le hionchur ó ranna ábhartha eile ar nós na Roinne Oideachais agus na Roinne Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



21 <https://www.esri.ie/system/files/media/file-uploads/2015-07/RS33.pdf>

22 <https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts-and-cultural-participation-GUI.pdf>



Bheadh sé de chúram orthu ardán digiteach a chruthú trína dtiocfadh le tuismitheoirí logáil isteach agus a leanaí a chlárú don Ghníomhchárta. Chun clárú, bheadh PSP bailí, cruthúnas céannachta agus seoladh de dhíth.

Bheadh an suíomh gréasáin seo mar chatalóg freisin do gach club/soláthraí gníomha spóirt agus cultúrtha atá cláraithe le Scéim an Ghníomhchárta.

Bheadh tuismitheoirí in ann cuardach a dhéanamh de réir gníomhaíochtaí nó de réir ceantair thíreolaíochta le heolas a fháil faoin méid atá ar fáil faoin scéim.

Nuair a bheidh Gníomhchárta an linbh ceadaithe, cuirfear €130 chun sochair a gcuntas ar shuíomh gréasáin an Ghníomhchárta le caitheamh tríd an suíomh ar gníomhaíochtaí.

Bhunófaí freisin comhlacht maoirseachta ina mbeidh ETBI, TUSLA, Spórt Éireann agus an Chomhairle Ealaíon chun oibriú agus cur i bhfeidhm Scéim an Ghníomhchárta a athbhreithniú.

Critéir do Clubanna agus Soláthraí páirt a ghlacadh

Ní mór rialachas maith a bheith i bhfeidhm ag clubanna spóirt agus cultúir agus soláthróirí gníomhaíochta a ghlacann páirt sa scéim a thaispeánann go soiléir trédhearcacht, freagracht, cuntasacht, agus spriocanna rannpháirtíochta.

Chun é seo a chinntiú, beidh ar ghrúpaí a bheith ina gcleamhnaithe de na comhlachtaí rialaithe ábhartha nó iarratas a chur isteach chun clárú leis an scéim tríd an gcomhlacht nua maoirseachta.

Cinntoidh sé seo go mbainfear amach na leibhéil láidre rialachais.

Cá mhéad a chosnódh sé?

Bheadh infheistíocht de €127 milliún ag teastáil chun Scéim na gCártaí Fóillíochta a chur i bhfeidhm ina hiomláine. Chinnteodh sé seo go mbeadh an scéim ar fáil do gach dalta atá ag freastal ar oideachas bunscoile agus meánscoile.

De réir taighde a d'fhoilsigh Cónaidhm Spóirt na hÉireann, do gach €100 a infheistíonn Rialtas na hÉireann sa spórt, faigheann an Státchiste suas le €195 ar ais trí chánacha ar chaiteachas agus ioncaim a fhaigheann tacaíocht spóirt²³, agus tá a fhios againn le beagnach dhá scór bliain go dtagann leath den airgead atá infheistithe ag an Stát i maoiniú ealaíon ar ais chuig an Státchiste níos déanaí mar chánachas.

Tá caiteachas ar chultúr agus ar spórt tábhachtach dár bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch i bhfianaise na mbuntáistí a bhaineann le gníomhaíochtaí spóirt, amhail sláinte agus folláine, forbairt shóisialta agus chultúrtha, turasóireacht agus an geilleagar.

Tá sé in am againn riachtanais ár ndaoine óga a chur chun tosaigh agus cabhrú le timpeallacht níos fearr a chruthú dóibh le fás agus forbairt agus maireachtáil de réir ár gcáil mar náisiún atá níos fearr ná a chosúlacht ó thaobh éachtaí spóirt agus cultúrtha araon.

23 <https://www.irishsport.ie/federation-of-irish-sports-pre-budget-submission-calls-on-government-to-honour-funding-commitments-made-in-national-sports-policy-2018-2027/>





Sinn Féin

www.sinnfein.ie



Sinn Féin Spokesperson
on Sport | TD Shinn Féin
do Cuan BÁC Theas &
Urlabhraí Spóirt

**Chris
Andrews TD**

☎ : 089 437 9644

✉ : chris.andrews@oir.ie



Spokesperson on Gaeilge, Gaeltacht,
Arts, Culture, Tourism and Media |
Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta,
Ealaíon, Cultúir, Turasóireachta
agus Meán

**Aengus
Ó Snodaigh TD**

☎ : 01 618 4084

✉ : aengus.osnodaigh@oir.ie